



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

EUCO 23/19

CO EUR 22
CONCL 7

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Cruinniú den Chomhairle Eorpach (17 agus 18 Deireadh Fómhair 2019) – Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

I. AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

1. Ag eascairt as cur i láthair ón Uachtaránacht, bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Eorpach maidir leis na príomh-shaincheistanna atá sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile amhail an leibhéal foriomlán, méideanna na bpríomhréimsí beartais, maoiniú an chreata, lena n-áirítear ioncam agus ceartuithe, mar aon leis na coinníollachtaí agus na dreasachtaí a ghabhann leis. I bhfianaise an phlé sin, iarrann sí ar an Uachtaránacht bosca caibidlíochta agus figiúirí ann a thíolacadh roimh an gComhairle Eorpach a bheidh ar siúl i mí na Nollag 2019.

II. AN CHÉAD TIMTHRIALL INSTITIÚIDEACH EILE

2. Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Eorpach leis an Uachtarán toghaí, Ursula von der Leyen, maidir le hionchur an Choimisiúin i gcur chun feidhme thosaíochtaí an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach iad sa Chlár Oibre Straitéiseach. Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil a thíolaic Príomh-Aire na Fionlainne maidir leis an obair leantach a rinneadh sa Chomhairle ar an gClár Oibre Straitéiseach.
3. Ghlac an Chomhairle Eorpach cinneadh freisin lena ndéantar Christine Lagarde a cheapadh ina hUachtarán ar an mBanc Ceannais Eorpach.

III. AN tATHRÚ AERÁIDE

4. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an toradh a bhí ar Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Gníomhú ar son na hAeráide 2019 i dtaca le huaillmhian, gníomhú agus dlúthpháirtíocht. Is bagairt eiseach é an t-athrú aeráide a bhfuil gá le huaillmhian fheabhsaithe agus gníomhú méadaithe ar son na haeráide ina leith ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda. Tá sé de rún daingean ag an gComhairle Eorpach go leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le haistriú glas, a bheidh cothrom agus ceart go sóisialta, agus Comhaontú Pháras á chur chun feidhme, i gcomhréir leis na conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2019. Tacaíonn sí le tosaíochtaí COP25, lena n-áirítear aird a thabhairt ar an gceangal atá idir na haigéin agus an aeráid. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go gcuirfidh sí bailchríoch ar a treoir i ndáil le straitéis fhadtéarmach an Aontais maidir leis an athrú aeráide ag an gcrúinniú a bheidh aici i mí na Nollag d'fhonn straitéis fhadtéarmach an Aontais a ghlacadh agus a thíolacadh do UNFCCC go luath in 2020.

IV. MÉADÚ

5. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar shaincheist an mhéadaithe roimh chruinniú mullaigh AE-na Balcáin Thiar i Ságrab i mí na Bealtaine 2020.

V. AN TUIRC

6. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 maidir le hoirthuaisceart na Siria.
7. Cáineann an tAontas Eorpach gníomhaíocht mhíleata aontaobhach na Tuirce in oirthuaisceart na Siria arb í is cúis le fulaingt dho-ghlactha dhaonna, a bhaineann an bonn ón troid in aghaidh Da'esh agus ar mór an bhagairt í don tslándáil san Eoraip. Tugann an Chomhairle dá haire an fógra a thug Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Tuirc anocht maidir le sos i gcás gach oibríochta míleata. Tathantaíonn sí an athuair ar an Tuirc deireadh a chur lena gníomhaíocht mhíleata, na fórsaí atá aici a tharraingt siar agus urraim a thabhairt don dlí daonnúil idirnáisiúnta. I bhfianaise na gconclúidí ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019, meabhraítear di go bhfuil cinneadh déanta ag na Ballstáit stop a chur le ceadúnú onnmhairithe arm chuig an Tuirc.
8. Leanann an tAontas Eorpach dá iarrachtaí aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an ngéarchéim thromchúiseach dhaonnúil agus ar ghéarchéim thromchúiseach na ndídeanaithe de réir na riachtanas a thiocfaidh i gceist, lena n-áirítear trí thacú leis na Ballstáit sin a bhfuil na dúshlán is tromchúisí rompu ó thaobh sreafaí imirce sa Mheánmhuir Thoir.
9. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo faoi bhreithniú.

VI. GNÍOMHAÍOCHTAÍ DRUILEÁLA NEAMHDHLEATHACHA

10. Ina theannta sin, formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíochtaí druileála neamhdhleathacha na Tuirce i limistéar eacnamaíoch eisiach na Cipire, agus athdhearbhaíonn sí a dlúthpháirtíocht leis an gCipir.
11. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo faoi bhreithniú.

VII. MH17

12. I dtaca leis na conclúidí ón 20 Meitheamh 2019, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí go hiomlán le gach iarracht dá bhfuil ar bun an fhírinne, an ceartas agus an chuntasacht a bhunú ar a son siúd a fágadh ina n-íospartaigh de bharr thurnamh MH17, agus ar son a neasghaolta, agus iarrann sí ar gach stát comhoibriú go hiomlán leis an imscrúdú atá ar siúl i gcomhréir le Rún 2166 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
-